NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10438 – MOL / OMV SLOVENIJA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 210/14)

1. An 13 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MOL Hungarian Oil and Gas Plc. ("MOL", an Ungáir), máthairchuideachta MOL Group,

— OMV Slovenija, trgovina z nafto in naftnimi derivati, d.o.o. ("OMV Slovenija", an tSlóivéin).

Gheobhaidh MOL urlámhas aonair ar OMV Slovenija de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ilchuideachta ola agus gáis atá comhtháite go hingearach é MOL Group agus seo a leanas a phríomhghníomhaíochtaí: (i) amhola a thaiscéaladh, a tháirgeadh agus a scagadh, (ii) táirgí ola scagtha a dháileadh ar an leibhéal mórdhíola agus an leibhéal miondíola araon, (iii) peitriceimiceáin a tháirgeadh agus a dhíol, (iv) gás nádúrtha a thaiscéaladh agus a tháirgeadh agus (v) gás nádúrtha a tharchur san Ungáir. Is i mBúdaipeist atá ceanncheathrú MOL Group agus tá oibríochtaí aige i mbreis agus 30 tír agus tá thart ar 25 000 duine fostaithe aige ar fud an domhain,

— Is cuideachta theoranta de chuid na Slóivéine é OMV Slovenija agus é faoi urlámhas aonair an OMV Group, ar cuideachta ola, gáis agus ceimiceán chomhtháite é atá lonnaithe san Ostair agus gníomhach ar fud an domhain. Is é príomhghníomhaíocht OMV Slovenija miondíol breosla trína líonra de 119 stáisiún breosla a bhainistíonn OMV nó léasaithe comhpháirtíochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10438 – MOL / OMV SLOVENIJA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË